ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Athbhreithniú ar Chóid

agus ar

Rialacha Údarás Craolacháin na hÉireann

Gairm Phoiblí Tuairimí agus Breathnuithe

Samhain 2022

Mar gheall ar an nGairm Tuairimí agus Breathnuithe

Réamhrá

Baineann an cháipéis seo le próiseas athbhreithnithe a bhfuil an tÚdarás Craolacháin ag tabhairt faoi. Is é is cuspóir leis an gcáipéis, tuairimí agus breathnuithe a lorg ón bpobal, ó chraoltóirí, ó fhógróirí, ó dhéantóirí clár agus ó dhaoine agus eagraíochtaí leasmhara eile mar gheall ar na Cóid agus na Rialacha seo a leanas de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann: -

- An Cód um Chaighdeáin Clár.
- An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha.
- An Cód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta.
- Rialacha faoi Fhógraíocht agus faoi Theilishiopadóireacht (Teorainneacha Laethúla agus in aghaidh na hUaire).

Titeann an Cód maidir le Cumarsáidí Tráchtála do Leanaí agus Rialacha Rochtana an Údaráis lasmuigh de scóip na gairme tuairimí agus breathnuithe seo. Tá sé seo amhlaidh mar go ndearnadh athbhreithniú ar chód na leanaí le déanaí agus mar go bhfuiltear ag plé leis an athbhreithniú ar Rialacha Rochtana ar leithligh trí phróiseas athbhreithnithe spriocdhírithe páirtithe leasmhara atá dírithe ar úsáideoirí fotheideal, ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus tráchtaireachta fuaime, ar chraoltóirí agus ar sheirbhísí a sholáthraíonn ábhar inrochtana do chraoltóirí.

Chomh luath is a bheidh an próiseas athbhreithnithe seo curtha i gcrích, cuirfear tuarascáil ar na torthaí ar fáil don Aire Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid Dháil Éireann agus Seanad Éireann.

Déanfaidh Coimisiún na Meán breithniú ar aon leasuithe ar na ceithre chód agus ar na rialacha atá leagtha amach thuas. Is é seo an rialtóir nua meán a thiocfaidh isteach in áit Údarás Craolacháin na hÉireann ó 2023 i leith. Beidh an rialtóir nua freagrach as, ní hamháin an craolachán, ach as seirbhísí ar éileamh freisin (amhail Seinnteoir RTÉ) mar aon le hardáin chomhroinnte físeán atá lonnaithe in Éirinn. Creideann Údarás Craolacháin na hÉireann gurb ionann leasuithe á ndéanamh ag an rialtóir nua ar na cóid agus ar na rialacha agus an cur chuige is fearr. Creideann sé é seo mar go mbíonn an chosaint do luchtanna féachana a thagann leis na rialacha fógraíochta agus na cóid um chaighdeáin cláir agus nuacht agus cúrsaí reatha ábhartha do níos mó dreamanna ná na craoltóirí amháin. Agus na cóid agus na rialacha á leasú, beidh an rialtóir nua in ann iad a chur i bhfeidhm, dá réir, nuair is iomchuí, ar sheirbhísí ar éileamh agus ar ardáin chomhroinnte físeán.

Cén chaoi ar féidir liom freagairt?

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann ag glacadh le cur chuige oscailte i dtaca leis an gcaoi ar féidir leat freagairt don ghairm tuairimí agus breathnuithe seo. Tá na chéad chodanna eile den cháipéis dírithe ar na ceithre Chód agus ar na Rialacha thuasluaite de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann.

Tá sé de rogha agatsa do chuid tuairimí a léiriú ar cheann amháin de na cóid agus rialacha seo nó ar na ceithre cinn. De bhreis air sin, ní gá duit tuairim a léiriú ar gach cuid den chód nó de na rialacha ar spéis leat iad, agus tá sé de lánrogha agat gan ach tuairim a léiriú ar an aon chuid amháin de na rialacháin. Mar shampla, cuimsíonn an Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha de chuid an Údaráis riail a bhaineann le clúdach toghchán agus reifreann. Más spéis leat an mhír sin, bíodh a fhios agat gur féidir gan ach tuairim a léiriú i leith na rialach sin amháin agus ní ar rud ar bith eile.

Mar chuid den athbhreithniú seo, bheadh spéis ar leith ag an Údarás ar do chuid tuairimí a fháil ar roinnt saincheisteanna. Arís eile, tá sé de lánrogha agat tuairim a léiriú i leith ceann amháin nó níos mó de na saincheisteanna seo agus is féidir, freisin, tuairim a léiriú ar shaincheist eile nach bhfuil luaite.

Seo a leanas na saincheisteanna a bhfuil spéis ar leith ag Údarás Craolacháin na hÉireann iontu: -

- Inbhuanaitheacht, lena n-áirítear an t-athrú aeráide.
- Tuairisciú fíorasach atá bunaithe ar an eolaíocht, mar shampla, clúdach ar phaindéimí, ar an athrú aeráide srl.
- Clúdach toghchán agus reifreann.
- Fuathchaint, lena n-áirítear foréigean ar bhonn inscne.
- Máinliacht agus seirbhísí cosmaideacha.
- Criptea-airgeadra agus seirbhísí airgeadais bainteacha.
- Suíomh Táirgí.
- Cearrbhachas.
- Táirgí, cóireáil agus seirbhísí leighis.

Is féidir freagairt don ghairm tuairimí agus breathnuithe ar ár gcuid Cód agus rialacha ar roinnt bealaí. Is leor ríomhphost simplí a sheoladh mar fhreagairt nó d'fhéadfá cáipéis a chur chugainn más amhlaidh go bhfuil tuairimí níos mionsonraithe agat. Is féidir freagairtí a sheoladh ar na bealaí seo a leanas: -

Ríomhphost: Cuir isteach do fhreagairt trí ríomhphost chuig codes@bai.ie.

Post: Cuir isteach do fhreagairt i scríbhinn chuig: Athbhreithniú ar Chóid agus Rialacha, Údarás Craolacháin na hÉireann, 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2.

Amscála le haghaidh Freagairtí

Ní mór gach freagairt ar an gcomhairliúchán poiblí seo a sheoladh chuig Údarás Craolacháin na hÉireann faoin **21 Nollaig 2022.**

Má theastaíonn aon chúnamh uait i dtaca leis an bhfreagairt a dhéanamh, déan teagmháil le hÚdarás Craolacháin na hÉireann trí ríomhphost chuig info@bai.ie, ar an nguthán ag 01 644 1200 nó trí na cuntais Facebook nó Twitter againn.

Úsáid Faisnéise

Cloífidh Údarás Craolacháin na hÉireann lena chuid oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS"), an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 agus aon dlíthe agus rialacháin infheidhme eile a bhaineann le príobháideacht sonraí.

Tá an tÚdarás faoi oibleagáid agus meáite ar na sonraí pearsanta go léir a chuirtear isteach mar fhreagairt ar ghairm iarratas a chosaint. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an BAI atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Is féidir le hiarratasóirí tuilleadh eolais a fháil ar an tslí a bpróiseálann an tÚdarás faisnéis phearsanta i mbeartas foilsithe Údarás Craolacháin na hÉireann ag: https://www.bai.ie/ga/maidir-linne/raiteas-um-beartas-cosanta-sonrai/ agus ar théarmaí agus coinníollacha an Údaráis ag: https://www.bai.ie/ga/maidir-linne/tearmai-coinniollacha/.

Chun críche an phróisis seo, baileoidh an tÚdarás an t-ainm, an seoladh ríomhphoist agus aon fhaisnéis phearsanta eile atá luaite i do fhreagairt. Cuirfear ainm fhreagróir an chomhairliúcháin mar aon leis an bhfreagairt ar fáil go poiblí. Is amhlaidh, áfach, nach gcuirfidh an tÚdarás do chuid sonraí teagmhála, amhail do sheoladh baile, d'uimhir ghutháin nó do sheoladh ríomhphoist, ar fáil go poiblí.

Is chun críche an athbhreithnithe seo amháin a úsáidfear an fhaisnéis a bhaileofar agus ní ar chúis ar bith eile.

Saoráil Faisnéise

Bíonn an fhaisnéis a choimeádann Údarás Craolacháin na hÉireann faoi réir a chuid oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Cuirfear gach freagairt a fhaightear mar chuid den chomhairliúchán poiblí ar fáil go poiblí ag deireadh an phróisis. Má mheasann tú nár cheart aon chuid den fhaisnéis a chuir tú ar fáil i do fhreagairt a nochtadh mar gheall ar a íogaire, ba cheart duit, agus an fhaisnéis íogair á cur ar fáil agat, í a shainiú agus na cúiseanna lena híogaireacht a thabhairt le fios. Rachaidh an eagraíocht i gcomhairle leat faoin bhfaisnéis íogair sin sula ndéanfar cinneadh faoi aon iarratas um Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

Teacht ar Chóipeanna de Chóid agus Rialacha an Údaráis

Agus tú ag breithniú ar do fhreagairt don Údarás, d'fhéadfadh sé gur mhaith leat breathnú arís ar Chóid agus Rialacha an Údaráis. Tá cóip de na cóid seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Craolacháin na hÉireann – www.bai.ie. Seo a leanas na naisc iomchuí ar ár suíomh gréasáin: -

- An Cód um Chaighdeáin Clár https://www.bai.ie/ga/coid-caighdeain/#al-block-5

- An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha
  https://www.bai.ie/ga/coid-caighdeain/#al-block-3
  Is féidir teacht ar chóip de Rialacha an Údaráis i dtaca le Clúdach Toghchán agus Reifreann tríd an nasc seo freisin ar líne. Is féidir teacht ar nótaí treorach freisin a foilsíodh in éineacht leis an gCód seo anseo.

- An Cód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta
  https://www.bai.ie/ga/coid-caighdeain/#al-block-2

- Rialacha faoi Fhógraíocht agus faoi Theilishiopadóireacht (Teorainneacha Laethúla agus in aghaidh na hUaire)
  https://www.bai.ie/ga/coid-caighdeain/#al-block-7

Is féidir cóip de na Cóid agus Rialacha a fháil freisin ach iad a iarraidh ar Údarás Craolacháin na hÉireann trí theagmháil a dhéanamh le fáiltiú an Údaráis ar 01 644 1200 nó trí ríomhphost a chur chuig reception@bai.ie

1. Cód um Chaighdeáin Clár Údarás Craolacháin na hÉireann

Tá leagtha amach sa Chód na prionsabail atá i bhfeidhm maidir le gach ábhar eagarthóireachta (ach ní tráchtála) d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar dhochar agus masla míchuí a d'fhéadfadh a eascairt as a leithéid d'ábhar. Tá 4 chuspóir ag an gCód freisin. Is ionann na cuspóirí seo agus achoimre ar sprioc an Chóid agus an méid atá beartaithe leis. Seo a leanas iad:-

- Craoltóireacht fhreagrach a chur chun cinn mar a mbeadh rochtain ar fhaisnéis, ar shiamsaíocht agus ar oideachas mar aon le réimse de dhearcthaí i lár báire agus mar a ndéanfaí íoslaghdú ar mhúisiam agus ar dhochar míchuí.

- Aitheantas a thabhairt don éagsúlacht de spéiseanna agus de nithe a bhfuil dúil ag daoine iontu i sochaí chomhaimseartha na hÉireann agus craoltóireacht a spreagadh agus a éascú a fhreastalaíonn ar an éagsúlacht seo.

- Comhairle a chur ar luchtanna féachana agus éisteachta i dtaca leis na caighdeáin ar féidir leo a bheith ag súil leo ó sheirbhísí craoltóireachta agus a chur ar chumas luchtanna féachana agus éisteachta craoltóirí a choinneáil cuntasach sa chás ina gcreidfidís go mbeadh craoltóir tar éis é féin a iompar ar bhealach mífhreagrach.

- Treoir a sholáthar do chraoltóirí maidir le cúrsaí a thiteann faoi scóip na gCód.

Léirítear na cuspóirí seo i 7 bPrionsabal an Chóid agus tá roinnt rialacha ag gach prionsabal ar gá do chraoltóirí cloí leo agus ábhar á chraoladh acu. Seo a leanas na 7 bPrionsabal atá cuimsithe sa Chód: -

- **Prionsabal 1: Meas ar Chaighdeáin Phobail:**
  Baineann na caighdeáin seo le réimse de shaincheisteanna a chlúdaítear in ábhar clár. Cuimsíonn sé seo teanga nó téarmaí gáirsiúla gránna, úsáid íomhánna foréigneacha agus ábhar gnéasach. Aithnítear leis an bprionsabal seo nach ionann gach aon duine den lucht féachana agus go mbíonn éagsúlacht ag baint le caighdeáin phobail i dtaca le cad is rud gránna ann agus go mbíonn na caighdeáin seo ag éabhlóidiú. Aithníonn sé go bhféadfadh sé go gcuirfeadh roinnt clár as do luchtanna féachana agus éisteachta ach go mbeidís inchosanta ar chúiseanna cruthaitheacha, eagarthóireachta nó eile.

- **Prionsabal 2: Tábhacht an Chomhthéacs:**
  Aibhsíonn sé seo a thábhachtaí atá sceidealú na gclár agus a thábhachtaí sé luchtanna féachana agus éisteachta a chur ar an eolas le nach n-eascródh aon dochar ná masla míchuí as ábhar cláir dóibh. Mar sin, cé go mbíonn sé de shaoirse ag craoltóirí ábhar a chraoladh a chuirfeadh as do roinnt daoine den lucht féachana, níor cheart dóibh ábhar a bheith acu a dhéanfadh dochar don lucht féachana agus ba cheart freisin eolas a chur ar fáil don lucht féachana chun go bhféadann daoine an rogha a dhéanamh gan breathnú ar chláir a chuirfeadh as dóibh.

- **Prionsabal 3: Cosaint ar Dhochar:**
  Aithníonn an prionsabal seo go bhfuil daoine áirithe de luchtanna féachana agus éisteachta ar ghá, mar gheall ar a n-aois, a gcúinsí pearsanta nó a leochaileacht, tuiscint speisialta a léiriú ina leith. Féadann craoltóirí an tuiscint seo a léiriú trí eolas/treoir a sholáthar i gcás ábhar cláir a bhféadfadh sé tuiscint phearsanta a bheith ag roinnt daoine den lucht féachana/éisteachta dó, agus a bhféadfadh sé, dá réir, é a bheith goilliúnach dóibh. D'fhéadfadh sé go dteastódh ó dhaoine eile den lucht féachana cosaint ar ábhar cláir a d'fhéadfadh freagairt fhisiceach a spreagadh, mar shampla, ábhar a rachadh i bhfeidhm orthu sin ar a bhfuil titimeas fótamhothálach.

- **Prionsabal 4: Cosaint Leanaí:**
  Tá beartaithe leis an bprionsabal seo a chinntiú go ndéantar riachtanais leanaí, mar dhaoine den lucht féachana, a chosaint. Éilíonn an prionsabal nach bhfágfaí leanaí gan chosaint ar chláir a mbeadh drochthionchar acu ar a bhforbairt mhorálta, mheabhrach nó fhisiceach. Ní mór a bheith cúramach go háirithe nuair a bhíonn clár á chraoladh a bhféadfadh ábhar foréigneach nó gnéasach a bheith mar chuid de. Léiríonn an prionsabal go bhfuil comhfhreagracht ar chraoltóirí, in éineacht le tuismitheoirí agus caomhnóirí, as a mbíonn leanaí ag éisteacht leis agus ag breathnú air agus i dtaca lena gcosaint ar ábhar dochrach. Sa chód, sainaithnítear leanbh mar dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

- **Prionsabal 5: Meas ar Dhaoine agus Grúpaí sa tSochaí:**
  Is é is fócas don phrionsabal seo, a chinntiú go mbíonn an chaoi a léirítear daoine agus grúpaí sa tsochaí ar an raidió agus ar an teilifíseán iomchuí inchosanta. Tá beartaithe leis freisin a chinntiú nach ndéanfadh an léiriúchán seo aon dochar dá gceart chun dínit an duine. Níor cheart do ndéanfadh ábhar cláir stiogmatú ná níor cheart go dtacódh sé ná go mbeadh sé i bhfách le leithcheal ná fuath in éadan aon duine nó grúpa sa tsochaí. Tá sé seo tábhachtach, go háirithe chun aon leithcheal nó fuath a sheachaint ar bhonn aoise, inscne, stádas pósta, an duine a bheith mar chuid den Lucht Siúil, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumas, cine, náisiúntacht, eitneacht nó creideamh. Tá sonraithe sa chód gur ceadmhach díospóireacht láidir sa chraoltóireacht, agus tá sé tábhachtach chun críche saoirse díospóireachta go gceisteodh an chraoltóireacht tuairimí a nglactar leo ach gur cheart é sin a dhéanamh ar bhealach a léireodh meas, a sheachnódh an leithcheal agus nach spreagfadh fuath.

- **Prionsabal 6: Leas an Phobail a Chosaint:**
  Tacaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann le craoltóireacht a bheadh láidir, ach freagrach, nó is féidir go gcabhródh sé seo le luchtanna féachana agus éisteachta dul i ngleic le ceisteanna tábhachtacha do shochaí na hÉireann. Is féidir go mbeadh a leithéid de chláir le leas an phobail mar a bhféadfadh sé, mar shampla, gur chúnamh é chun an choiriúlacht a chosc nó a bhrath, chun calaois a bheadh déanta ag duine nó grúpa a nochtadh nó mí-úsáid airgead phoiblí a nochtadh. Ag an am céanna, tá de cheangal ar chraoltóirí gan ábhar a bheith acu ar dócha go gcuirfeadh sé chun cinn nó go spreagfadh sé an choiriúlacht nó a mbeadh baol ann go mbainfeadh sé an bonn d'údarás an Stáit. Ní chiallaíonn sé seo gur cheart do chraoltóirí gan beartas poiblí a cheistiú nó gan díospóireachtaí oscailte a reáchtáil faoin dóigh a bhfeidhmíonn nó nach bhfeidhmíonn an rialtas agus an tsochaí. Ina áit sin, díríonn sé aird ar a thábhachtaí atá sé é seo a dhéanamh ar bhealach freagrach agus ar mhaithe le leas shaoránaigh na hÉireann agus gach duine a chónaíonn anseo.

- **Prionsabal 7: Meas ar Phríobháideacht:**
  Aithnítear leis an bprionsabal deiridh go bhfuil an ceart chun príobháideachta ag daoine agus go mbítear ag súil le go mbeadh meas iomchuí ag craoltóirí ar an gceart sin chun príobháideachta. Ní ceart absalóideach é an ceart chun príobháideachta agus d'fhéadfadh sé go mbeadh cásanna ann nuair a d'fhéadfaí é a shárú. D'fhéadfadh sé gur ghá é seo a dhéanamh nuair a bheadh sé le leas an phobail, mar shampla, éagóir a nochtadh. Cuireann an prionsabal seo ceangal ar chraoltóirí cúis mhaith a bheith acu an ceart chun príobháideachta a shárú. Ní mór, dá réir sin, cothromaíocht a aimsiú idir an ceart chun príobháideachta agus cearta eile, amhail leas an phobail, saoirse cainte agus an leas coiteann, mar aon le cearta eile nach iad.

Is ionann an méid sin thuas agus achoimre ar fhorálacha an Chóid seo. Más mian leat breithniú níos mionsonraí a dhéanamh ar an gCód, is féidir teacht ar chóip den Chód um Chaighdeáin Cláir anseo - https://www.bai.ie/ga/coid-caighdeain/#al-block-5.

Ceisteanna ar fiú Breithniú Orthu

Más mian leat tuairim a léiriú i leith an Chóid seo nó codanna den chód seo, d'fhéadfadh sé gur mhaith leat breithniú a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas.

- Ba spéis leis an Údarás do chuid tuairimí a fháil ar cé acu ba cheart nó nár cheart an Cód a nuashonrú chun plé le, nó plé ar bhealach difriúil leis na saincheisteanna seo a leanas:-

  - ceist na fuathchainte,

  - ceist an fhoréigin ar bhonn inscne.

- An bhfuil codanna ar bith eile den Chód, dar leat, a d'fhéadfaí a fheabhsú nó a athrú?

- An bhfuil aon topaicí nó ceisteanna ann, dar leat, ba cheart a chuimsiú sa Chód ach nach bhfuil ann faoi láthair? Más amhlaidh go bhfuil, cad iad féin agus cén fáth ar cheart iad a chuimsiú? An bhfuil aon mholtaí agat i dtaca le bealaí ina bhféadfaí iad a chuimsiú sa chód?

2. Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha Údarás Craolacháin na hÉireann

Tá sé mar aidhm ag an gCód a chinntiú go mbíonn gach ábhar cláir a chraoltar, ar nuacht é, fíorasach oibiachtúil neamhchlaonta, agus go mbíonn gach ábhar a bhaineann le cúrsaí reatha cothrom oibiachtúil neamhchlaonta agus go gcuirtear an dá rud i láthair go hoibiachtúil neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a chur in iúl. D'eisigh Údarás Craolacháin na hÉireann treoirlínte ar leithligh i leith toghcháin agus reifrinn atá bunaithe ar oibleagáid sa chód seo i dtaca le bheith ag cloí le haon treoirlínte nó treoir dá leithéid a bheadh eisithe ag an Údarás i dtaca le ballóidí náisiúnta. Tá nótaí treorach curtha i dtoll a chéile freisin ag an Údarás i leith an Chóid. Baineann na treoirlínte agus an treoir leis an athbhreithniú.

Tá 5 chuspóir ag an gCód agus féachann sé le: -

- Na híoschaighdeáin agus na cleachtais a leagan amach a mbítear ag súil leo ó chraoltóirí agus iad ag caitheamh le agus ag craoladh ábhar nuachta agus cúrsaí reatha.
- Treoir ghinearálta a sholáthar do chraoltóirí chun cabhrú leo ina gcuid próiseas cinnteoireachta, de réir mar a bhaineann siad le hábhar nuachta agus cúrsaí reatha.
- Iriseoireacht neamhspleách neamhchlaonta a chur chun cinn i dtaca le soláthar an ábhair nuachta agus cúrsaí reatha.
- Saoránaigh a chur ar an eolas agus feasacht a spreagadh ina measc ar na caighdeáin ar féidir leo a bheith ag súil leo maidir le hábhar nuachta agus cúrsaí reatha.
- Leas saoránach a chosaint i dtaca lena gceart chun teacht ar ábhar nuachta agus cúrsaí reatha atá cothrom oibiachtúil neamhchlaonta.

Agus na rialacha seo á bhforbairt, bhí aird ag an Údarás ar Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine agus, go háirithe, ar na forálacha a bhaineann le saoirse cainte, an ceart chun príobháideachta agus ar chearta a chinntiú gan aon leithcheal ar fhoras ar bith.

Léirítear na cuspóirí seo i bPrionsabail an Chóid seo, agus seo a leanas iad: -

Prionsabal na Cothroime:
Léiríonn an prionsabal seo go bhfuil Údarás Craolacháin na hÉireann meáite ar a chinntiú, trí chur i bhfeidhm an Chóid seo, go gcaitear go cothrom agus go hionraic le daoine agus eagraíochtaí arb iad ábhar an chláir nuachta nó cúrsaí reatha, agus le daoine a chuireann ábhar ar fáil le haghaidh clár nuachta nó cúrsaí reatha.

Prionsabail na hOibiachtúlachta & na Neamhchlaontachta:
Baineann na prionsabail seo lena chinntiú go gcuirtear ábhar nuachta agus cúrsaí reatha le chéile, go léirítear é agus go gcuirtear i láthair é ar bhealach ar léir go bhfuil sé neamhspleách neamhchlaonta agus gan aon réamhbhreith a bheith ag baint leis.

Prionsabail an Chruinnis & na Freagrúlachta:
Sonraíonn na prionsabail seo an chaoi a mbíonn spriocphobail raidió agus teilifíse i dteideal a bheith muiníneach, agus an chaoi a mbíonn siad muiníneach go mbíonn an t-ábhar nuachta agus cúrsaí reatha a fhaigheann siad ó na meáin chraolta cruinn. Cuireann sé béim ar an gcaoi a gcuireann faisnéis chruinn ar chumas saoránach a bheith rannpháirteach ar bhonn níos iomláine i sochaí dhaonlathach. Is prionsabal bunúsach é an cruinneas, mar sin de, a bhaineann le cláir nuachta agus cúrsaí reatha a chraoladh.

Trédhearcacht agus Cuntasacht:
Baineann prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta lena chinntiú go mbíonn na cleachtais agus na nósanna imeachta a nglacann craoltóirí leo agus iad ag foinsiú, ag tiomsú agus ag cur i láthair cláir nuachta agus cúrsaí reatha, infheicthe, oscailte lena n-iniúchadh, stóinseach agus insroichte. Bíonn sé seo amhlaidh go háirithe sa chás ina rachadh cinneadh i dtaca le craoladh i bhfeidhm ar phríobháideacht duine.

De bhreis ar na prionsabail seo, lena dtugtar treoir do chraoltóirí i dtaca leis na caighdeáin ghinearálta a mbítear ag súil leo uathu, cuimsíonn an Cód freisin réimse de rialacha a bhfuil sé d'aidhm acu a chinntiú go mbíonn clúdach nuachta agus cúrsaí reatha cothrom oibiachtúil neamhchlaonta. Tá 29 riail ann san iomlán. Maidir leis sin:-

- Sonraíonn dhá cheann de na rialacha seo oibleagáidí dlíthiúla craoltóirí de réir mar a bhaineann siad le hábhar nuachta agus cúrsaí reatha. Díríonn riail amháin aird ar an oibleagáid lena chinntiú go mbíonn an clúdach oibiachtúil neamhchlaonta (i gcás na nuachta) agus cothrom oibiachtúil neamhchlaonta (i gcás cúrsaí reatha). Tá na forálacha ábhartha d'Acht Craolacháin 2009/den reachtaíocht le sonrú. Cuireann an riail eile ceangal ar chraoltóirí cloí le prionsabail an Chóid atá sonraithe thuas.

- Baineann 14 cinn acu seo leis an gcothroime. Cuireann na rialacha seo béim ar a thábhachtaí atá sé caitheamh go cothrom le rannpháirtithe sa chlúdach nuachta agus cúrsaí reatha mar aon leo sin is ábhar do scéal nuachta agus cúrsaí reatha. Cuireann sé béim ar an ngá atá le bheith ag freastal ar riachtanais leanaí nó daoine leochaileacha i gclúdach na nuachta agus na gcúrsaí reatha mar aon lena thábhachtaí atá sé foinsí faisnéise rúnda a chosaint. Aibhsíonn na rialacha an gá atá le toiliú (nuair is cuí) le haghaidh rannpháirtíocht sa chineál seo ábhair ach leagann síos rialacha freisin i gcásanna ina n-úsáidtear teicnící amhail 'éirí slí', taifeadadh rúnda nó athchruthú imeachtaí.

- Baineann 10 gcinn de na rialacha seo le hoibiachtúlacht agus neamhchlaontacht. Cuireann na rialacha seo béim ar thábhacht an chruinnis agus ar a luachmhaire atá sé earráidí suntasacha a cheartú go pras. Ról tábhachtach na láithreoirí nuachta agus cúrsaí reatha i dtaca le clúdach freagrach a chinntiú is fócas do roinnt rialacha. Go háirithe, sonraíonn na rialacha nach ceadmhach do láithreoirí a gcuid tuairimí pearsanta a chur in iúl. I gcás láithreoirí cúrsaí reatha, ní mór dóibh a bheith cúramach, agus iad ag cur tuairimí in iúl i gcás conspóid phoiblí, nach léireoidís easpa oibiachtúlachta nó neamhchlaontachta.

Ar a bharr sin, cuireann na rialacha seo ceangal ar chraoltóirí a chinntiú go ndéantar coimhlintí leasa a bhainistiú i gcás aon bhaill foirne ag a mbeadh ról sna cinntí i dtaca leis na nithe a chraoltar ar an aer agus an chaoi a gcaitear leis an topaic sin ar an aer, mar shampla, léiritheoirí agus láithreoirí cláir.

- Pléann riail amháin le clúdach toghchán agus reifreann. Cé nach bhfuil ann ach riail amháin, is riail thábhachtach í ós rud é go sonraíonn sí, ina gclúdach ar thoghcháin agus reifrinn, gur gá dóibh aird a bheith acu ar threoirlínte ar leithligh a d'eisigh an tÚdarás i dtaca leis an gclúdach sna cásanna seo. Sonraíonn Treoirlínte an Údaráis mar is féidir cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a bhaint amach le linn clúdach toghchán agus reifreann. Cuireann siad ceangal ar chraoltóirí a bheith trédhearcach i dtaca lena gcur chuige i leith a leithéid de chlúdach. Pléann na treoirlínte freisin le ról na meán sóisialta, le faisnéis vótaíochta agus, de bhreis air sin, cuireann ceangal ar an gcraoltóir moratóir a chur i bhfeidhm ar chlúdach na vótaí.

- Pléann dhá riail le ceanglais dhlíthiúla agus ar an riachtanas aird a bheith ag craoltóirí ar threoir Údarás Craolacháin na hÉireann ar an gceist seo. Cuireann riail amháin ceangal ar chraoltóirí cloí le gach riachtanas reachtaíochta agus iad ag foinsiú, ag tiomsú, ag léiriú agus ag cur i láthair ábhar nuachta agus cúrsaí reatha. Cuireann an riail eile ceangal ar chraoltóirí aird a bheith acu ar nótaí treorach ar leithligh atá foilsithe ag an Údarás le cabhrú le craoltóirí i dtaca le tuiscint agus léirmhíniú an Chóid.

Is ionann an méid sin thuas agus achoimre ar fhorálacha an Chóid seo. Más mian leat breithniú níos mionsonraí a dhéanamh ar an gCód, is féidir teacht ar chóip den Chód um Chothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht sa Nuacht agus Cúrsaí Reatha mar aon leis na nótaí treorach don chód seo agus Treoirlínte Toghchán agus Reifreann an Údaráis anseo - https://www.bai.ie/ga/coid-caighdeain/#al-block-3.

Ceisteanna ar fiú Breithniú Orthu

Más mian leat tuairim a léiriú i leith an Chóid seo nó codanna den chód seo, d'fhéadfadh sé gur mhaith leat breithniú a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas.

- Ba spéis leis an Údarás do chuid tuairimí a fháil ar cé acu ba cheart nó nár cheart an Cód a nuashonrú chun plé le, nó plé ar bhealach difriúil leis na saincheisteanna seo a leanas: -

  - inbhuanaitheacht, lena n-áirítear an t-athrú aeráide,

  - tuairisciú fíorasach atá bunaithe ar an eolaíocht, mar shampla, clúdach ar phaindéimí, ar an athrú aeráide srl.

- Ba spéis leis an Údarás freisin do chuid barúlacha a fháil ar an gcaoi ar cheart an Cód (lena n-áirítear Treoirlínte an Údaráis ar chlúdach Toghchán agus Reifreann) a nuashonrú. Ar cheart na Cóid nó na treoirlínte a nuashonrú agus dá mba cheart, cé na hathruithe ba cheart a dhéanamh?

- An bhfuil aon chuid eile den Chód, dar leat, a d'fhéadfaí a fheabhsú nó a athrú? Má tá, cén fáth agus cén chaoi?

- An bhfuil aon topaicí nó ceisteanna ann, dar leat, ba cheart a chuimsiú sa Chód ach nach bhfuil ann faoi láthair? Más amhlaidh go bhfuil, cad iad féin agus cén fáth ar cheart iad a chuimsiú? An bhfuil aon mholtaí agat i dtaca le bealaí ina bhféadfaí iad a chuimsiú sa chód?

3. An Cód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta

Tá leagtha amach sa Chód seo na rialacha riachtanacha nuair a chraolann craoltóirí cumarsáidí tráchtála i.e. fógraíocht, urraíocht (lena n-áirítear comórtais) suíomh táirgí agus cineálacha eile de chumarsáidí tráchtála. Cuimsíonn an Cód seo prionsabail agus rialacha a bhaineann le gach cineál de chumarsáid tráchtála, tacar de rialacha a bhaineann le cineálacha sainiúla de chumarsáid tráchtála, mar shampla, rialacha urraíochta, rialacha a bhaineann le táirgí agus seirbhísí mar ar mó an riosca do luchtanna féachana agus éisteachta m.sh., alcól, agus rialacha a leagann amach na cumarsáidí tráchtála a bhfuil toirmisc orthu.

Mar atá amhlaidh leis na cóid eile, tá an tÚdarás tar éis roinnt cuspóirí a shainaithint do na rialacha seo. Seo a leanas iad:-

- A chinntiú go bhféadann an pobal a bheith muiníneach go mbíonn cumarsáidí tráchtála dlíthiúil ionraic fírinneach macánta agus go gcosnaíonn siad leas an lucht féachana nó éisteachta.

- A chinntiú nach dtagann cumarsáidí tráchtála salach ar shláine eagarthóireachta na gcraolachán.

- Treoir a sholáthar don phobal i gcoitinne maidir leis na caighdeáin ar féidir leo a bheith ag súil leo ó chumarsáidí tráchtála ar sheirbhísí craoltóireachta.

- Treoir shoiléir a sholáthar do chraoltóirí i dtaca leis na caighdeáin ar cheart cumarsáidí tráchtála a bheith ag cloí leo.

- Cód simplí solúbtha cuimsitheach a chur ar fáil do chraoltóirí nach gcuireann isteach ar bhealach gan údar ar a gceart chun teachtaireachtaí tráchtála a chraoladh.

Tá 4 phrionsabal ag baint leis an gCód seo freisin. Baineann na prionsabail seo le gach cumarsáid tráchtála de bhreis ar aon rialacha sainiúla a bhféadfadh sé iad a bheith i bhfeidhm. Seo a leanas na 4 phrionsabal:-

Prionsabal 1: Dlíthiúil, Ionraic, Macánta agus Fírinneach
Cuireann an prionsabal seo ceangal ar chraoltóirí a chinntiú, agus cumarsáidí tráchtála á n-ullmhú acu, go ndéanann siad iad agus braistint freagrachta acu i leith an duine aonair agus i leith na sochaí, lena chinntiú go mbíonn siad dlíthiúil ionraic macánta fírinneach agus go gcosnaíonn siad leas an luchta féachana nó éisteacha.

Prionsabal 2: Dínit an Duine, Masla agus Dochar
Éilíonn an prionsabal seo nach dtiocfadh cumarsáidí tráchtála salach ar an meas ar dhínit an duine, nach spreagfaidís masla tromchúiseach nó forleathan, nach ndéanfaidís dochar agus nach spreagfaidís iompar dochrach.

Prionsabal 3: Trédhearcacht
Baineann prionsabal na trédhearcachta lena chinntiú go mbíonn luchtanna féachana agus éisteachta iomlán meabhrach ar nádúr na gcumarsáidí a fheiceann siad agus/nó a chloiseann siad. Éilíonn an prionsabal seo go gcaithfidh craoltóirí a chinntiú go mbíonn an t-idirdhealú idir ábhar eagarthóireachta agus cumarsáidí tráchtála soiléir agus inaitheanta do luchtanna féachana nó éisteachta. Ba cheart go mbeadh sé le haithint go réidh i gcás aon socrú tráchtála laistigh de chláir gur ábhar tráchtála atá ann agus ba cheart go gcuirfí in iúl don éisteoir/breathnóir go bhfuil a leithéid de shocrú i bhfeidhm.

Prionsabal 4: Cosaint Leanaí
Díríonn an prionsabal seo aird ar an gcaoi ar bhreathnóirí agus ar éisteoirí iad leanaí a bhfuil riachtanais faoi leith acu agus an chaoi a bhfuil freagracht chomhroinnte ar chraoltóirí, in éineacht le tuismitheoirí agus caomhnóirí, as a n-éisteann leanaí leis agus as a mbreathnaíonn siad air. Tá leagtha amach sa phrionsabal seo an t-ionchas go gcosnóidh craoltóirí iad ar ábhar atá mí-oiriúnach nó ar dócha díobháil fhisiceach nó morálta a eascairt as. Aithníonn an prionsabal seo go dteastaíonn leibhéil éagsúla de chosaint ó leanaí d'aoiseanna éagsúla agus, i gcás gach gnímh agus cinnidh a bhaineann le leanaí, gur cheart leas an pháiste a bheith croí-lárnach.

Cuimsíonn an Cód, freisin, réimse de rialacha. Baineann cuid de na rialacha seo le gach cumarsáid tráchtála agus ní bhaineann cuid eile ach amháin leis na cumarsáidí sin a chraoltar ar an raidió agus ar an teilifíseán. Tá rialacha ann chomh maith a phléann le cineálacha áirithe teicnící, mar shampla, úsáid na hurraíochta agus an tsuímh táirgí. Pléann rialacha eile le táirgí agus seirbhísí mar a bhféadfadh rioscaí breise a bheith ann don phobal, rud a fhágann go mbíonn rialacha níos mionsonraithe ag teastáil. Sonraíonn an Cód táirgí agus seirbhísí áirithe freisin nach ceadmhach iad a fhógairt in aon chor. Tá sé seo léirithe sa chaoi a bhfuil an chuid eile de na rialacha seo leagtha amach sa chód seo. Go háirithe: -

- **Cuid 4:** Cumarsáidí Tráchtála Toirmiscthe
- **Cuid 5:** Rialacha i gcomhair Gach Cumarsáid Tráchtála
- **Cuid 6:** Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta (lena n-áirítear rialacha raidió amháin/teilifís amháin)
- **Cuid 7:** Teicnící Fógraíochta Scáileán Roinnte, Idirghníomhacha agus Fíorúla
- **Cuid 8:** Urraíocht ar an Teilifís, lena n-áirítear comórtais
- **Cuid 9:** Urraíocht ar an Raidió, lena n-áirítear comórtais
- **Cuid 10:** Suíomh Táirgí

Rialacha a Bhaineann le Táirgí agus Seirbhísí Áirithe

- **Cuid 11:** Alcól
- **Cuid 12:** Táirgí Leighis agus Gairis Leighis
- **Cuid 13:** Cóireálacha agus Seirbhísí Leighis lena n-áirítear síciatracht, síciteiripe agus comhairleoireacht
- **Cuid 14:** Táirgí, Cóireáil agus Seirbhísí Cosmaideacha
- **Cuid 15:** Hiopnóis, Hipniteiripe, agus seirbhísí dá leithéid
- **Cuid 16:** Bia, Cothú agus Sláinte
- **Cuid 17:** Cóireáil, Táirgí agus Seirbhísí Tanúcháin

- **Cuid 18:** Áiseanna Scoir ón Tobac
- **Cuid 19:** Seirbhísí agus Táirgí Airgeadais
- **Cuid 20:** Cearrbhachas
- **Cuid 21:** Seirbhísí Teileachumarsáide Ardráta
- **Cuid 22:** Lucht Feasa, Seirbhísí Síceacha, srl..

Is ionann an méid sin thuas agus achoimre ar fhorálacha an Chóid seo. Más mian leat breithniú níos mionsonraí a dhéanamh ar an gCód, is féidir teacht ar chóip den Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála anseo - https://www.bai.ie/ga/coid-caighdeain/#al-block-2.

Ceisteanna ar fiú Breithniú Orthu

Más mian leat tuairim a léiriú i leith an Chóid seo nó codanna den chód seo, d'fhéadfadh sé gur mhaith leat breithniú a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas.

- Ba spéis leis an Údarás do chuid tuairimí a fháil ar cé acu ba cheart nó nár cheart an Cód a nuashonrú chun plé le, nó plé ar bhealach difriúil le cumarsáidí tráchtála i dtaca leis na cineálacha seo a leanas de tháirgí agus seirbhísí:-

    - Máinliacht agus seirbhísí cosmaideacha.

    - Criptea-airgeadra agus seirbhísí airgeadais bainteacha.

    - Suíomh Táirgí.

    - Cearrbhachas.[1]

    - Nithe a mhaítear i dtaobh tairbhí timpeallachta táirge nó seirbhíse

    - Táirgí, cóireáil agus seirbhísí leighis.

- An bhfuil codanna ar bith eile den Chód, dar leat, a d'fhéadfaí a fheabhsú nó a athrú?

- An bhfuil aon topaicí nó ceisteanna ann, dar leat, ba cheart a chuimsiú sa Chód ach nach bhfuil ann faoi láthair? Más amhlaidh go bhfuil, cad iad féin agus cén fáth ar cheart iad a chuimsiú? An bhfuil aon mholtaí agat i dtaca le bealaí ina bhféadfaí iad a chuimsiú sa chód?

[1] Tabhair do d'aire go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil mar gheall ar an gcearrbhachas ann chun tuiscint reatha an Údaráis ar an gceist seo a threorú. Titfidh an fhreagracht as aon athruithe ar rialacha fógraíochta cearrbhachais ar an rialtóir cearrbhachais nua, ní ar Údarás Craolacháin na hÉireann ná ar Choimisiún na Meán.

4. Rialacha faoi Fhógraíocht agus faoi Theilishiopadóireacht (Teorainneacha Laethúla agus in aghaidh na hUaire)

Tá leagtha amach sna rialacha seo na teorainneacha cainníochtúla laethúla agus in aghaidh na uaire le haghaidh fógraíochta ar sheirbhísí teilifíse agus raidió tráchtála agus pobail. Is é nó í an tAire Turasóireachta, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a leagan síos na teorainneacha do chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ní phléitear leo i rialacha seo an Údaráis.

Pléann na rialacha le cineálacha difriúla craoltóirí.

- **Craoltóirí Tráchtála Teilifíse**: Sainítear sna rialacha na huasteorainneacha fógraíochta in aghaidh na huaire (12 nóiméad) agus in aghaidh an lae (18% den aschur) mar aon le rialacha faoi ábhar teilishiopadóireachta. Tá teorainneacha ann freisin a bhaineann leis an méid fógraíochta is ceadmhach in aghaidh na huaire le linn cláir do leanaí (10 nóiméad in aghaidh na huaire).

- **Craoltóirí Tráchtála Raidió**: Sainítear sna rialacha na huasteorainneacha fógraíochta in aghaidh na huaire (10 nóiméad) agus in aghaidh an lae (15% den aschur) do na craoltóirí seo.

- **Craoltóirí Raidió Pobail:** Sainítear sna rialacha na huasteorainneacha fógraíochta in aghaidh na huaire (sé nóiméad) do na craoltóirí seo.

- **Craoltóirí Teilifíse Pobail:** Sainítear sna rialacha na huasteorainneacha fógraíochta in aghaidh na huaire (sé nóiméad) mar aon le rialacha faoi ábhar teilishiopadóireachta.

- **Seirbhísí Sealadacha agus Institiúide Raidió:** Ní ceadmhach aon fhógraíocht ar na seirbhísí seo.

Is é atá sa mhéid thuas ná achoimre ar fhorálacha na rialacha seo. Más mian leat breithniú níos mionsonraí a dhéanamh ar na rialacha, is féidir teacht ar chóip de Rialacha an Údaráis ar Fhógraíocht agus Teilishiopadóireacht anseo - https://www.bai.ie/ga/coid-caighdeain/#al-block-7.

Ceist ar fiú Breithniú Uirthi

I gcás na dteorainneacha ar an bhfógraíocht do sheirbhísí tráchtála teilifíse agus raidió, tá siad seo leagtha amach sa reachtaíocht agus tá ról teoranta ag an rialtóir i dtaca leis an ngné seo den rialáil. Is é nó í an tAire Turasóireachta, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a leagan síos na teorainneacha do chraoltóirí earnála poiblí. Sa chomhthéacs sin, an bhfuil aon tuairim í agus breathnuithe ginearálta agat ar cheist na rialacha agus na dteorainneacha fógraíochta atá i bhfeidhm do chraoltóirí raidió agus teilifíse?

2-5 Plás Warrington,
Baile Átha Cliath 2, Éire
2-5 Warrington Place,
Dublin 2, Ireland

T: + 353 (0)1 644 1200
F: + 353 (0)1 644 1299
E: info@bai.ie
W: www.bai.ie